Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1422

30.6.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1422 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25 Meitheamh 2026**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a mhéid a bhaineann leis na rialacha nós imeachta maidir le cruthúnas tionscnamh neamhfhabhair**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 63 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269 ón gCoimisiún ([2]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([3]), bunaítear an córas leictreonach le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta (ELAN), lena gceadaítear d'údaráis chustaim na mBallstát agus do na húdaráis eisiúna san Aontas agus i dtríú tíortha tacar doiciméad a mhalartú go leictreonach, lena n-áirítear na deimhnithe tionscnaimh le haghaidh earraí atá faoi réir socruithe allmhairiúcháin neamhfhabhair speisialta.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, in Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann leis, leagtar amach an fhaisnéis shonrach atá le soláthar ag údaráis eisiúna na dtríú tíortha agus deimhnithe tionscnaimh á n-eisiúint acu le haghaidh táirgí talmhaíochta a scaoiltear i saorchúrsaíocht i gcríoch chustaim an Aontais faoi tharaifchuótaí.

(3) Le linn na n-idirthréimhsí a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, féadfar deimhnithe tionscnaimh a eisiúint lasmuigh de ELAN. Le linn na n-idirthréimhsí sin, ba cheart do thríú tíortha leanúint de shamplaí de stampaí na ndeimhnithe sin a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(4) Chun cur chun feidhme an mhalartaithe leictreonaigh faisnéise dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269 agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272 ón gCoimisiún ([4]), Airteagail 57, 58 agus 59 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([5]), lena leagtar síos rialacha nós imeachta maidir le cruthúnas tionscnaimh neamhfhabhair a sholáthar agus a fhíorú, ba cheart iad a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le húsáid agus glacadh deimhnithe tionscnaimh leictreonacha agus chun an fíorú ina dhiaidh sin arna dhéanamh ag údaráis chustaim na mBallstát a mhodhnú.

(5) Go dtí go mbainfear úsáid shainordaitheach as ELAN ón dáta a leagtar síos in Airteagal 72c de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, meastar gurb iomchuí úsáid na ndeimhnithe leictreonacha de thionscnamh neamhfhabhair arna n-eisiúint ag tríú tíortha a cheadú ar choinníoll gur féidir a mbarántúlacht a fhíorú. Ba cheart marcálacha barántúlachta iomchuí a bheith ar na deimhnithe leictreonacha sin freisin chun iarrachtaí calaoise a íoslaghdú.

---

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1269 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2025 lena leagtar síos rialacha lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras leictreonach le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta (ELAN) chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar thrádáil agus ar mhargadh i ndáil le táirgí talmhaíochta (IO L, 2025/1269, 10.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1269/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraifchuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1272 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2025 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcóras leictreonach le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta (ELAN) (IO L, 2025/1272, 10.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1272/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

(6) Chun soiléireacht agus deimhneacht a sholáthar d'oibreoirí agus chun cuntasacht na ngníomhaithe ábhartha a áirithiú, is iomchuí téacs forálacha áirithe de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú chun na gníomhaithe a bhfuil baint acu leis na próisis a shonrú.

(7) I gcás ina n-úsáidtear rialacha tionscnaimh neamhfhabhair chun Rialachán (AE) 2026/1455 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [6] a chur i bhfeidhm, ba cheart an cruthúnas tionscnaimh a threisiú chun an riosca imchéimniúcháin a mhaolú. Chun na críche sin, mar chuid de chruthúnas thionscnamh na n-earraí, ba cheart don dearbhóir fianaise a sholáthar gur iompraíodh na hearraí go díreach ón tír thionscnaimh dhearbhaithe agus, má seoladh trí thríú tír iad, nach raibh siad faoi réir aon athraithe tar éis iad a onnmhairiú ón tír thionscnaimh.

(8) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú dá réir sin.

(9) I bhfianaise ghlacadh Rialachán (AE) 2026/1455 atá ar na bacáin agus chun na leasuithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 57 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 4:

'1. Deimhniú tionscnaimh a bhaineann le táirgí de thionscnamh tríú tír ar ina leith a bhunaítear socruithe allmhairiúcháin neamhfhabhair speisialta, i gcás ina dtagraítear don Airteagal seo sna socruithe sin, cuirfear ar fáil é sa chóras leictreonach le haghaidh foirmiúlachtaí neamhchustaim talmhaíochta (ELAN) i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV.8 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún (*).

Tagairtí i socruithe allmhairiúcháin neamhfhabhair speisialta do dheimhnithe tionscnaimh arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagail 55 go 65 de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93, measfar iad a bheith ina dtagairtí do na deimhnithe tionscnaimh dá dtagraítear san Airteagal seo.

2. I gcás údaráis inniúla an tríú tír ina dtionscnaíonn na táirgí a bhfuil feidhm ag na socruithe allmhairiúcháin neamhfhabhair speisialta maidir leo nó gníomhaireacht iontaofa arna húdarú go cuí ag na húdaráis sin chun na críche sin (údaráis eisiúna), eiseoidh siad deimhnithe tionscnaimh, ar choinníoll gur cinneadh tionscnamh na dtáirgí i gcomhréir le hAirteagal 60 den Chód.

3. Eiseoidh na húdaráis eisiúna deimhnithe tionscnaimh sula ndéanfar na táirgí lena mbaineann siad a dhearbhú lena n-onnmhairiú sa tríú tír thionscnaimh.

4. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh na húdaráis eisiúna deimhniú tionscnaimh a eisiúint tar éis onnmhairiú na dtáirgí lena mbaineann sé i gcás inar tharla an mhainneachtain an deimhniú a eisiúint tráth an onnmhairithe mar thoradh ar earráid, ar easnamh neamhdheonach nó ar imthosca speisialta.

[6] Rialachán (AE) 2026/1455 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2026 maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus maidir le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L, 2026/1455, 30.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1455/oj).

Ní fhéadfaidh na húdaráis eisiúna deimhniú tionscnaimh dá bhforáiltear i mír 1 a eisiúint go cúlghabhálach ach amháin má tá siad sásta go bhfuil na sonraí in iarratas an onnmhaireora ag comhfhreagairt do na sonraí sa chomhad onnmhairiúcháin ábhartha.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraifchuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).';

(b) cuirtear an mhír 5 seo a leanas isteach:

'5. Le linn na n-idirthréimhsí a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, deimhniú tionscnaimh a bhaineann le táirgí de thionscnamh tríú tír ar ina leith a bhunaítear socruithe allmhairiúcháin neamhfhabhair speisialta, i gcás ina dtagraítear don Airteagal seo sna socruithe sin, féadfar é a eisiúint agus úsáid á baint as ceann amháin de na nithe seo a leanas:

(a) an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn 22-14 a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos inti;

(b) an teimpléad a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún (*);

(c) an fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.

I gcás ina ndéantar deimhnithe tionscnaimh trí úsáid a bhaint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn 22-14 a ghabhann leis an Rialachán seo a eisiúint go leictreonach nó a shíniú trí bhíthin síniú leictreonach, beidh sonraí na foirme sin iontu, lena n-áirítear an stampa agus an síniú.

Coinneoidh na húdaráis eisiúna cóip de gach deimhniú tionscnaimh a eisítear.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraifchuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal "tús freastail ar an gceann is túisce" (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1988/oj).';

(2) Leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

(a) i mír 1, an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ainmneacha agus seoltaí na n-údarás eisiúna;';

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Le linn na n-idirthréimhsí a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, seolfaidh na tríú tíortha lena mbaineann an méid seo a leanas chuig an gCoimisiún freisin:

(a) samplaí de na stampaí a úsáideann údaráis na dtríú tíortha agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn 22-14 a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) i gcás ina mbeidh sí ar fáil, faisnéis maidir leis an áit ar féidir barántúlacht deimhnithe tionscnaimh a eisítear go leictreonach nó shínítear trí bhíthin síniú leictreonach agus úsáid á baint as an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn 22-14 a ghabhann leis an Rialachán seo a fhíorú trí bhunachar sonraí ar líne a úsáid.

Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a shonraítear sa mhír seo chuig údaráis inniúla na mBallstát.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás ina mainneoidh tríú tír an fhaisnéis a shonraítear i míreanna 1 agus 1a a sheoladh chuig an gCoimisiún, diúltóidh na húdaráis inniúla san Aontas d'úsáid na socruithe allmhairiúcháin neamhfhabhair speisialta.';

(3) Leasaítear Airteagal 59 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'I gcás ina bhfuil amhras réasúnta ar na húdaráis chustaim faoi chruinneas na faisnéise atá i ndeimhniú tionscnaimh agus i gcás ina ndéanann siad fíoruithe randamacha ina dhiaidh sin, iarrfaidh siad ar an údarás dá dtagraítear in Airteagal 58(1), pointe (b) den Rialachán seo a fhíorú cé acu a suíodh nó nár suíodh an tionscnamh dearbhaithe i gceart agus i gcomhréir le hAirteagal 60 den Chód.';

(ii) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas tar éis na chéad fhomhíre:

'I gcás, le linn na n-idirthréimhsí a leagtar síos in Airteagail 72a go 72d de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, go bhfuil amhras réasúnach ar na húdaráis chustaim faoi bharántúlacht deimhnithe tionscnaimh, iarrfaidh siad ar an údarás dá dtagraítear in Airteagal 58(1), pointe (b), den Rialachán seo nó ar na húdaráis eisiúna ceadúnas a phriontálann an deimhniú sin i gcomhréir le hAirteagal 72b de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an deimhniú tionscnaimh sin barántúil.';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú fomhír:

'Cuirfidh na húdaráis chustaim an deimhniú tionscnaimh nó cóip de ar ais chuig an údarás dá dtagraítear in Airteagal 58(1), pointe (b), den Rialachán seo. Má bhí sonrasc ag gabháil leis an dearbhú, déanfar an sonrasc bunaidh nó cóip de a chur i gceangal leis an deimhniú tionscnaimh a cuireadh ar ais.

Tabharfaidh na húdaráis chustaim, i gcás inarb iomchuí, na cúiseanna atá leis an bhfíorú ina dhiaidh sin agus cuirfidh siad aon fhaisnéis atá ina seilbh acu ar fáil a thugann le tuiscint go bhfuil na sonraí a thugtar ar an deimhniú tionscnaimh míchruinn.';

(iv) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'I gcás ina n-iarrfaidh na húdaráis chustaim go bhfíorófaí barántúlacht deimhnithe tionscnaimh, soláthróidh siad aon fhaisnéis atá ina seilbh acu a thugann le tuiscint nach bhfuil an deimhniú tionscnaimh barántúil.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Cuirfidh an t-údarás dá dtagraítear in Airteagal 58(1), pointe (b), den Rialachán seo nó an t-údarás eisiúna ceadúnas dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, den Airteagal seo torthaí an fhíoraithe in iúl do na húdaráis chustaim a luaithe is féidir.

I gcás nach bhfaighfear freagra laistigh de 6 mhí tar éis iarraidh a sheoladh i gcomhréir le mír 2, diúltóidh na húdaráis chustaim d'úsáid an tsocraithe allmhairiúcháin neamhfhabhair speisialta i gcás na dtáirgí i gceist.';

(4) cuirtear isteach an tAirteagal 59a seo a leanas:

'*Airteagal 59a*

**Cruthúnas tionscnaimh chun Rialachán (AE) 2026/1455 a chur i bhfeidhm**

(Airteagal 61 den Chód)

I gcás ina n-úsáidtear rialacha tionscnaimh neamhfhabhair chun Rialachán (AE) 2026/1455 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a chur i bhfeidhm, cuimseofar sa chruthúnas tionscnaimh neamhfhabhair freisin fianaise lena léirítear gur iompraíodh na hearraí go díreach ón tír thionscnaimh chuig an Aontas, nó gur fhan siad faoi mhaoirseacht chustaim le linn a n-iompair trí thíortha eile, nó nuair a stóráladh nó nuair a scoilteadh iad sna tíortha sin nach ndearnadh aon athrú ar na hearraí seachas chun dea-bhail a choinneáil orthu nó trí mharcanna, lipéid, séalaí nó aon doiciméadacht a chur leo nó a ghreamú díobh chun comhlíontacht le ceanglais shonracha a áirithiú.

(*) Rialachán (AE) 2026/1455 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2026 maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus maidir le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L, 2026/1455, 30.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1455/oj).';

(5) Leasaítear Iarscríbhinn 22-14 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meitheamh 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn 22-14 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

‘3. I gcás ina n-eisítear deimhnithe tionscnaimh i bhfoirm páipéir, beidh siad 210 × 297 mm; is ceadmhach i dtaca leis an bhfad lamháltas uasta de 8 mm os a chionn sin nó de 5 mm faoina bhun sin. Páipéar bán a bheidh sa pháipéar a úsáidfear, nach mbeidh laíon meicniúil ann, agus ní bheidh meáchan níos lú ná 40 g/$m^2$ ann. Beidh patrún giolóise clóite buí mar chúlra ar aghaidh an bhunchóipe ionas gur féidir aon fhalsú trí mheán meicniúil nó ceimiceach a fheiceáil.

I gcás ina ndéantar deimhnithe tionscnaimh san fhoirm a leagtar amach san Iarscríbhinn seo a eisiúint go leictreonach nó a shíniú trí bhíthin síniú leictreonach, beidh marcálacha barántúlachta orthu a úsáideann an tríú tír lena mbaineann.’.